

Ní mhair séan do ghnáth

[Tomás Ó Rathile: *Dánta Grádha*, no. 79]

1 [Ní mhair séan do] ghnáth,
do dhearbh a lán é,
amhlaidh sin nách cóir
teann as glóir dá méid.

2 [Gnáth gach deasgadh] searbh;
tarla a dhearbh liom,
gach flaitheas dá mhéid
go dtéid bun-as-cionn.

3 [Mór mo ghua]is i-niu,
fada ón riocht i-né;
a shaoghail na lúb
is tusa tú féin.

4 [Dá] bhféachthaoi fó seach
cách ó bheag go mór,
ní fhuil bocht fón ghréin
do dhlighfeadh déirc róm.

5 Dá ndeachainn dá mheas,
beag nách leamh mar tám;
go deó mairfe sinn
im dhuine thinn shlán.

6 An bhean so rom-chráidh,
ní mé a-mháin do mheall;
cóir a iomchar lé,
do bhí sé 'nar gceann.

7 A bhfuil teas is tuaidh,
ní críonna uaim súd,
mar táid tríthi ag searg
nách tearna dealg dhún.

8 Ní fhuil feidhm bheith ria,
olc an chiall a cor;
ionann mharbhas sí
an rí is an bocht.

9 Im riocht féin a-rís
ní bhiam go dtí an bráth;
beag nách leamh mo sgéal;
ní mhair séan do ghnáth!